Ealaíontóir Grafach

Conradh Buan

Is mian le TG4 Ealaíontóir Grafach a earcú. Ag freagairt don Bhainisteoir Cruthaitheach, beidh an tEalaíontóir Grafach freagrach as ábhar cruthaitheach a chruthú atá dírithe ar phobal féachana ar leith, trasardáin.

Fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déantar iarratais incháilithe a mheas gan beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh ná ballraíocht den Lucht Siúil. Tá meon dearfach ag TG4 i leith na hÉagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil cúlraí éagsúla acu. Tacaíonn TG4 le daoine faoi mhíchumas a fhostú.

An Ról

Beidh an té a cheapfar freagrach as ábhar físiúil, cruthaitheach agus nuálach a dhearadh do thograí ar leith, chomh maith le hAitheantais agus Brandaí TG4 a fhorbairt trí ábhar cumarsáide atá físiúil agus ar ardchaighdeán a chruthú trasardáin. I measc na gcúraimí a bheidh i gceist, beidh:

- Brandaí a dhearadh agus cur le brandaí reatha
- Dearadh a dhéanamh ar Ardáin (m/sh Aipeanna, Suíomhanna srl)
- Ábhar cumarsáide físiúil a chruthú, trasardáin
- Ábhar Clóite a dhearadh
- Ábhar Físe a chruthú
- Ábhar a chruthú d'Fheachtais Blaisíní / Margaíochta / Fógraíochta
- Ábhar a chruthú do na meáin shóisialta
- Cúram a dhéanamh do chearta a bhaineann le hábhar léirithe
- Tograí ar leith a stiúradh ó am go chéile (m/sh Blaisín, Fógra, Mír Físe Gearrfhoirme)

Nithe atá riachtanach don phost seo:

A bheith tiomanta d'Fhís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm.

Tuiscint, taithí agus saineolas ar na réimsí dearaidh is déanaí. Eolas ar bhogearraí agus nósmhaireachtaí dearaidh atá reatha agus nuálach: Adobe After Effects, Adobe Media Encoder, Adobe Photoshop, Adobe Illustrator, Adobe InDesign, Canva, Adobe XD, Adobe Premiere agus Final Cut X.

A bheith ábalta feidhmiú go muiníneach as do stuaim féin, go héifeachtach, i dtimpeallacht spreagúil.

Fócas dearfach, cumas maith foirne agus taithí chruthaithe ar ábhar físiúil a chruthú.

A bheith ábalta spriocanna oibre a chomhlíonadh agus a chinntiú go mbeidh ábhar, a bheidh ar ardchaighdeán, réidh agus ar fáil in am.

Bheadh eolas ar na treochtaí digiteacha is déanaí ina bhuntáiste. Bheadh eolas ar phacáistí 3D & AI ina bhuntáiste ach níl siad riachtanach don ról.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.

A bheith sásta freastal ar an láthair oibre sa gCeannáras de réir mar a oireann.

Is 4pm Dé hAoine an 9 Meitheamh an spriocdháta d'iarratais. Seol d'iarratas mar aon le litir iarratais agus seóríl/sampla oibre chuig cv@tg4.ie.